Ar an Ghréasán

Iarrtar ort suíomh gréasáin a dhearadh a léiríonn eolas ar thionscadal atá á dhéanamh agat sa rang.

Go haonarach nó mar rang leis an mhúinteoir, amharc ar roinnt de na suíomhanna gréasáin a mhol do mhúinteoir agus pléigh cad é atá 'maith' fúthu maidir le struchtúr, leagan amach, clónna, fusacht nascleanúna srl. Déan é seo a phlé leis an chuid eile den rang.

Cuid 1

Bígí ag obair i ngrúpa le suíomh gréasáin grúpa a chruthú a chuireann eolas ar thopaic i láthair.

Cruthaígí bhur leathanach gréasáin féin lena chur isteach i suíomh gréasáin bhur ngrúpa. Ba chóir go mbeadh téacs agus grafaicí cuí sa leathanach gréasáin.

Déanaigí cinneadh ar an dóigh a n-úsáidfidh sibh cló, leagan amach, grafaicí, dath agus boscaí téacs srl. le haird an spriocghrúpa a tharraingt ar eolas tábhachtach.

Ar an Ghréasán

Cuid 2

Bí ag obair i d'aonar le suíomh gréasáin a chruthú a nascann trí leathanach gréasáin lena chéile.



Déan mapa suímh le do shuíomh gréasáin a phleanáil

Déan cinneadh ar an dóigh a n-úsáidfidh tú cló, leagan amach, grafaicí, dath agus boscaí téacs srl. sa dóigh is go dtarraingeoidh tú aird an lucht féachana ar eolas tábhachtach.

Aimsigh eolas ábhartha is féidir leat a úsáid ar do shuíomh gréasáin. Coinnigh nóta ar fhoinsí do chuid eolais.

Cruthaigh suíomh gréasáin a bhfuil dhá leathanach nó trí leathanach ann a chuireann téacs agus íomhánna neamhghluaiste nó íomhánna gluaiste le chéile. Thig leat fuaim a chur isteach fosta má shíleann tú go bhfuil sí fóirsteanach .

Ar an Ghréasán

Cuid 3

Dear, cruthaigh agus tóg suíomh gréasáin il-leathanach a bhfuil hipearnaisc ann chuig leathanaigh nó chuig suíomhanna eile.

Déan cinneadh ar an dóigh a n-úsáidfidh tú cló, leagan amach, grafaicí, dath agus boscaí téacs srl. sa dóigh is go dtarraingeoidh tú aird an lucht féachana ar eolas tábhachtach.

Bain úsáid as uirlis mheabhairmhapála nó uirlis sreabhchairte le mapa suímh digiteach a chruthú.



Cuir téacs, fuaimeanna, íomhánna neamhghluaiste agus íomhánna gluaiste le chéile a d'aimsigh tú féin nó a rinne tú féin.

Déan measúnú ar do chuid oibre féin agus cuir isteach feabhsuithe ar bith atá de dhíth.

Foilsigh do shuíomh gréasáin.

Taispeáin don rang é agus sainaithin fadhbanna ar bith a bhí agat.

Pléigh athruithe ar bith atá le déanamh.